CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 319 an 13 Nollaig 2022)

Ar leathanach 3, aithris 12:

in ionad: "(12) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléire i leith cúnamh airgeadais a deonaíodh cheana agus i leith cúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) ([7]), níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le cláir cúnaimh airgeadais nua a dtagann a mbunghníomhartha i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó ina dhiaidh sin.

_____

([7]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.",

léitear: "(12) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléire i leith cúnamh airgeadais a deonaíodh cheana agus i leith cúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le cláir cúnaimh airgeadais nua a dtagann a mbunghníomhartha i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó ina dhiaidh sin.

_____

([7]) Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1).".